

Aighneacht le cur faoi bhráid An Post maidir le hullmhú Scéimeanna faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2001)

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998). I measc na bhfreagrachtaí atá ar an gComhairle, luaitear seirbhísí taca

a chur ar fáil do scoileanna agus is sa chomhthéacs seo a dhéantar an aighneacht seo a chur faoi bhráid An Post.

Iarrtar ar An Post a aithint go bhfuil pobail Ghaeilge éagsúla sa tír agus go bhfuil riachtanais éagsúla ag na pobail sin. Tá pobail láidre sna Gaeltachtaí ar fud na tíre agus é de cheart ag na pobail sin a bheith ag súil le seirbhís d'ardchaighdeán as Gaeilge a bheith ar fáil go fáilteach, gan deacracht i ngach teagmháil a bhíonn acu le An Post. Is gá na pobail Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a aithint freisin, idir an gnáthphobal agus pobal na nGaelscoileanna, agus seirbhís d'ardchaighdeán as Gaeilge a bheith ar fáil dóibh siúd freisin go fáilteach, gan deacracht i ngach teagmháil a bhíonn acu le An Post.

Bíonn fadhbanna leanúnacha ag COGG le An Post maidir le comhfhreagras Gaeilge. Is minic nach dtagann comhfhreagras le seoladh as Gaeilge air chuig COGG in am nó ar chor ar bith.

Is minic nach seachadtar comhfhreagras ó COGG le seoladh as Gaeilge air in am nó ar chor ar bith.

Is minic a sheoltar comhfhreagras ó COGG ar ais chuig COGG le teachtaireachtaí ar nós 'Not known' nó 'Gone away' scríofa orthu.

Maidir le Scéim An Post, moltar go mbeidh aird ar na pointí seo a leanas:

- Litreacha chuig seoladh as Gaeilge a thabhairt (1) go dtí an seoladh ceart, (2) in am agus (3) gan aon aistriúchán Béarla scríofa ar an gclúdach.
- Foireann An Post a bheith ar an eolas faoi logainmneacha a bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla an-éagsúil óna chéile, Cill Dhéagláin/Ashbourne; An tInbhear Mór/ Arklow; An Leacht/Lehinch, mar shampla.
- Gach comhfhreagras leis na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bheith i nGaeilge nó sa dá theanga (Gaeilge agus Béarla)
- Suíomh gréasáin An Post a bheith dátheangach agus rogha soiléir ar fáil ar oscailt an tsuímh
- Comhfhreagras leictreonach a bheith dátheangach
- Admhálacha a eisítear in Oifig an Phoist a bheith ar fáil as Gaeilge nó as an dá theanga
- Fógraí An Post a bhíonn le feiceáil in Oifigí an Phoist a bheith as Gaeilge nó as an dá theanga
- Meas ar éiteas na scoileanna Gaeltachta a léiriú agus Gaeilge amháin á labhairt ag aon oifigeach de chuid An Post (Fir/Mná Poist, mar shampla) agus iad ar láthair scoile.
- Gach áis-phacáiste a sheolann An Post chuig scoileanna nó a chuireann An Post maoiniú ar fáil lena n-aghaidh, mar shampla, The School Enrichment Programme; nó Irish Stamps a bheith ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga

- Aitheantas a thabhairt don Ghaeilge i gcomórtais a reáchtálann An Post agus béim a chur ar iontrálacha as Gaeilge
- Fógraí agus foirmeacha as Gaeilge a sheoladh chuig na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, gan gá do scoil ná do thuismitheoir iad a lorg.